Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2023
(OR. en)

15374/23

LIMITE

CORLX 1041
CFSP/PESC 1537
CSDP/PSDC 773
CIVCOM 273

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1515 lena mbunaítear Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint |

**CINNEADH (CBES) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1515 lena mbunaítear Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 42(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1515[1].

(2) Leathnaigh an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC) a chuid gníomhaíochtaí go suntasach le blianta beaga anuas agus óstálann sé líon méadaithe saineolaithe náisiúnta atá tugtha ar iasacht ag na Ballstáit dó, tar éis iarrataí iomadúla ar ghníomhaíochtaí nua oiliúna agus oideachais.

(3) Ní mór do ESDC a struchtúr tacaíochta riaracháin a neartú dá réir, lena n-áirítear a áirithiú go ndéanfar é a oibríochtú a thuilleadh chun a chuspóirí a bhaint amach.

(4) Ba cheart méid nua tagartha airgeadais a bhunú don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2020/1515 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2020/1515 ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 2020 lena mbunaítear Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2016/2382 (IO L 348, 20.10.2020, lch. 1).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16 de Chinneadh (CBES) 2020/1515:

'*Airteagal 16*

*Ranníocaíocht bhliantúil nó ilbhliantúil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh*

1. Gheobhaidh ESDC ranníocaíocht bhliantúil nó ilbhliantúil ó bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Leis an ranníocaíocht sin, féadfar, go háirithe, costais na nithe seo a leanas a chumhdach:

   (a) tacú le gníomhaíochtaí oiliúna agus oideachais;

   (b) saineolaithe náisiúnta ar iasacht ó na Ballstáit chuig an gColáiste;

   (c) suas le ceathrar ball foirne ar conradh arna bhfostú ag ESDC nó arna dtabhairt ar iasacht ag SEGS do ESDC, arna iarraidh sin do Cheann ESDC agus faoi réir fhormheas Choiste Stiúrtha ESDC; chun críoch a n-iasachta chuig ESDC, na baill foirne ar conradh atá ar iasacht ó SEGS, déanfar iad a fhostú faoi Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68.

2. Is é EUR 2 933 304,01 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun caiteachas ESDC a chumhdach ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.



PUBLIC

3. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais chun caiteachas ESDC a chumhdach maidir le tréimhsí ina dhiaidh sin.

4. Mar thoradh ar an gcinneadh ón gComhairle dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, tabharfar comhaontú maoiniúcháin i gcrích idir ESDC agus an Coimisiún.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC